C/2024/3966

19.6.2024

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 13 Meitheamh 2024

lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta den Choiste Comhairleach um shaorghluaiseacht oibrithe thar ceann na Sualainne

(C/2024/3966)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le saoirse ghluaiseachta d'oibrithe laistigh den Aontas [1], agus go háirithe Airteagail 23 agus 24 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh an 20 Meán Fómhair 2022 [2], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um shaorghluaiseacht oibrithe don tréimhse ón 25 Meán Fómhair 2022 go dtí an 24 Meán Fómhair 2024.

(2) Tá suíochán comhalta i gcatagóir na n-ionadaithe rialtais tagtha chun bheith folamh anois mar gheall ar Anna ERIKSSON a bheith éirithe as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag Rialtas na Sualainne don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Anna JARL ina comhalta den Choiste Comhairleach um shaorghluaiseacht oibrithe in ionad Anna ERIKSSON ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 24 Meán Fómhair 2024.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 13 Meitheamh 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

N. DE MOOR

---

[1] IO L 141, 27.5.2011, lch. 1.

[2] Cinneadh ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2022 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe (IO C 393, 13.10.2022, lch. 5).